II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/1089 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Meitheamh 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([2]), tugtar éifeacht do bhearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES.

(2) An 5 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1094 ([3]), lenar leasaíodh ceann de na critéir maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostú, é chun mórdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa Rúis agus a ngarghaolta, nó daoine nádúrtha eile, a mbaineann tairbhe astu, chomh maith le daoine gnó, daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse mór ioncaim ar fáil do Rialtas Cónaidhm na Rúise a chur san áireamh.

(3) Tagann an leasú sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomh rialála ar leibhéal an Aontais chun é a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach é sna Ballstáit uile.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(1), pointe (g) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 :

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6).

([3]) Féach leathanach 20. den Iris Oifigiúil.

‘(g) príomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa Rúis agus a ngarghaolta, nó daoine nádúrtha eile, a mbaineann tairbhe astu, nó príomhdhaoine gnó, príomhdhaoine dlítheanacha, príomheintitis nó príomhchomhlachtaí a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, Rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine; nó’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Meitheamh 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL